# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2023

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

**Lean CEANN AMHÁIN de na sraitheanna treoracha seo a leanas:**

**1. Gnáththreoracha:**

Freagair Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 5)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**
Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 6.
Freagair ar thopaic **amháin** as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**
An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ar gach ceann de **dhá** thopaic as an roinn seo.

**NÓ**

**2. Treoracha malartacha do 2023 amháin:**

- **Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 5)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Ranna 2 agus 3 (300 marc)**
Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 6, *agus*
An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
  - Freagair codanna A, B agus C de **dhá** thopaic i Ranna 2 agus 3.
  - Freagair ar chuid B bhreise agus ar chuid C bhreise de cheann amháin den dá thopaic a roghnaigh tú.
  - Freagair na ceisteanna atá i gcuid A ar leathanach 15.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

# ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid**:**
***Comhaontú Sunningdale agus an feidhmeannas comhroinnte cumhachta, 1973-1974***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) De réir dhoiciméad A, cad é nach raibh ach sé uair an chloig ó dhúnadh síos iomlán?

   (b) I ndoiciméad A, cén staid ina raibh gléasra gáis Bhéal Feirste?

   (c) I ndoiciméad B, cén staid ina raibh monarchana agus oifigí?

   (d) De réir dhoiciméad B, cad iad na deacrachtaí a bhí ag gluaisteánaithe?

   (e) De réir dhoiciméad B, conas a bhí an tsláinte phoiblí i mbaol?

(40)

2. (a) Cé acu doiciméad, A nó B, ina ndéantar an cur síos is mionsonraithe maidir le tionchar na stailce ar chúrsaí talmhaíochta? Bíodh tagairt agat don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) Cé acu doiciméad, A nó B, a léiríonn dearcadh Faulkner i leith rialtas Londan? Bíodh tagairt agat don doiciméad ábhartha i do fhreagra.

(20)

3. (a) Cén fáth a bhfuil cuimhní cinn Brian Faulkner úsáideach mar fhoinse staire i gcás imeachtaí i dTuaisceart Éireann in 1974? Bíodh tagairt agat do dhoiciméad A i do fhreagra.

   (b) Cé acu foinse phríomhúil nó foinse thánaisteach é doiciméad B? Tabhair fáth le do fhreagra.

(20)

4. Cad iad na hargóintí a rinneadh i bhfabhar agus/nó in éadan Chomhaontú Sunningdale?

(20)

**– Doiciméad A –**

**Sa sliocht coimrithe seo as a chuimhní cinn, tugann Brian Faulkner, ceannaire an fheidhmeannais comhroinnte cumhachta, chun cuimhne stailc Chomhairle Oibrithe Uladh.**

I m'oifig ní raibh aon phost maidine le déileáil leis toisc nach raibh an post ag feidhmiú. Bhí fuaim na nguthán, fiú amháin, ag éirí lag agus doiléir. Bhíomar ar bhruach teipthe i saol an phobail.

Ceapadh go raibh eangach an leictreachais i ngiorracht sé uair an chloig de dhúnadh síos iomlán. Ní raibh gléasra gáis Bhéal Feirste ag feidhmiú. Bhí an soláthar uisce agus na seirbhísí séarachais i mbaol mór. Bhí fíorbhaol ann go ngluaisfeadh tuile de chamras neamhchóireáilte trí limistéir mhóra de Bhéal Feirste.

Bhí dáileachán bunbhianna i mbaol. Bhí stop curtha le soláthair bianna ainmhithe d'fheirmeoirí.

Foinse: Brian Faulkner, *Memoirs of a Statesman* (Londain: Orion Publishing Group, 1978).

**– Doiciméad B –**

**Thuairiscigh an t-iriseoir Don Anderson ar stailc Chomhairle Oibrithe Uladh de réir mar a bhí sí ag tarlú. Sa sliocht coimrithe seo ó leabhar a foilsíodh in 2022 tugann sé chun cuimhne imeachtaí mhí na Bealtaine 1974.**

Ar an dara lá deiridh den stailc ghlaoigh Brian Faulkner, a mhothaigh go ndearna rialtas Londan feall air, cruinniú de cheannasaithe na státseirbhíse.

Léirigh an cur síos a rinne siad go raibh cúrsaí go huafásach. Bhí soláthar an leictreachais chomh híseal sin go raibh an eangach i mbaol. Bhí monarchana agus oifigí dúnta. Bhí a lán bóithre blocáilte. Ní raibh aon iompar poiblí ag feidhmiú. Bhí tromlach na stáisiún peitril dúnta. Bhí deacrachtaí ag ospidéil.

Ceal dóthain cumhachta bhí muilte agus bácúis ag stopadh agus bhí bia ainmhithe gann. Bhí beostoc ar fheirmeacha ag fáil bháis. Bhí bainne á dhoirteadh isteach i ndraenacha toisc nach bhféadfaí é a sheachadadh. Bhí stáisiúin chaidéalúcháin uisce agus chamrais ar tí a bheith sáraithe.

Foinse: curtha le chéile ag Deric Henderson agus Ivan Little, *Reporting the Troubles 2* (Baile Nua na hArda: Blackstaff Press, 2022).

# ROINN 2: ÉIRE

*Éire: Topaic1*
**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraítear sa sliocht coimrithe seo do fhreagairtí príobháideacha don Ghorta in Éirinn.
Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Thug Cumann na gCarad* [Na Caecair] *fóirithint le linn an Ghorta. Bhí drogall orthu bia saor in aisce a sholáthar. Ina ionad sin, sholáthair siad coirí saor in aisce agus deontais airgid do choistí áitiúla chun bia a cheannach. D'fhéadfaí é seo a chócaráil agus a dhíol ar phraghas an-íseal, go háirithe mar anraith.*

*Chomh luath agus a bhí tithe anraith an rialtais ag feidhmiú, laghdaigh na Caecair ar na hiarrachtaí a bhí á ndéanamh acu bia a sholáthar. Ach mar sin féin, lean siad orthu ag soláthar éadaí. Chomh maith leis sin, chuir siad iascach chun cinn agus spreag siad saothrú an lín agus feabhsúcháin fhadtréimhseacha eile.*

Foinse: Mary E. Daly, *The Famine in Ireland* (Dún Dealgan: Dundalgan Press, 1986).

1. Cad é an rud a raibh drogall ar Chumann na gCarad tabhairt faoi?
2. Ina ionad sin, cad a rinne an Cumann?
3. Cathain a laghdaigh an Cumann ar a iarrachtaí?
4. Cén rud ar lean an Cumann de bheith á sholáthar?
5. Cad ab ea cúis amháin a bhí leis an nGorta in Éirinn sna 1840idí?

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Tionchar na n-iarnród.
2. An Mháthairab Mary Aikenhead.
3. Éire Óg.
4. James Stephens.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a láimhseáil Dónall Ó Conaill an feachtas ar son Fhuascailt na gCaitliceach agus cén toradh a bhí air?
2. Cad iad na cinntí a rinneadh ag Sionad Dhurlais, 1850?
3. Cén fhorbairt thionsclaíoch a rinneadh i mBéal Feirste, 1815-1870, agus cén tionchar a bhí aici ar mhuintir an cheantair?
4. Cad a chuir William Carleton agus/nó Charles Kickham le gnóthaí na hÉireann?

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo, cuireann iriseoir Gearmánach síos ar shlógadh Carson i mBéal Feirste in 1913. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Chroch atmaisféar sceitimíneach os cionn na cathrach. Bhí bratacha agus áirsí bua fud fad na gceantar bocht.*

*Tógadh ardán ar pháirc mhór pheile ar imeall na cathrach agus ghlac mná agus fir dea-ghléasta a suíocháin, iad maisithe le suaitheantais an Oird Oráistigh.*

*Nuair a tháinig Carson ar an bhfód, bhí sé á thionlacan ag fir óga a raibh ribíní de dhéanamh bhratach na Ríochta Aontaithe thart ar leathlámh leo, agus an inscríbhinn 'Garda Onóra' scríofa orthu.*

Foinse: Richard Arnold Bermann, *Éire [1913]* aistrithe agus curtha in eagar ag L. Wheatley agus F. Krobb (Corcaigh: Preas Ollscoil Chorcaí, 2021).

1. Conas a bhí na ceantair bhochta maisithe?
2. Cá raibh an slógadh ar siúl?
3. Conas a bhí na mná agus na fir maisithe?
4. Cé a thionlaic Carson go dtí an t-ardán?
5. Go hachomair, cén fáth ar chuir Edward Carson in aghaidh an Rialtais Dúchais?

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Gluaiseacht na gComharchumann.
2. W.B. Yeats.
3. Dubhghlas de hÍde.
4. Céadpháirtí Shinn Féin.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Mar cheannaire ar Pháirtí an Rialtais Dúchais cad iad na nithe a d'éirigh le Charles Stewart Parnell a bhaint amach agus cad iad na teipeanna a bhí aige?
2. Cén fáth ar bunaíodh CLG agus cad iad na fadhbanna a bhí roimhe sna blianta tosaigh?
3. Conas a d'fhéach James Connolly agus/nó James Larkin le coinníollacha oibrithe a fheabhsú?
4. Cad a chuir Isabella Tod agus/nó Hanna Sheehy-Skeffington le gnóthaí na hÉireann?

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraíonn an sliocht coimrithe seo as *The Clare Champion* (2/7/1932) do Chomhdháil Chorp Chríost. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ar an Domhnach seo caite thóg gar do 1,000 oilithreach as Contae an Chláir an traein speisialta go Baile Átha Cliath le haghaidh searmanais deiridh Chomhdháil Chorp Críost. Thaistil a lán daoine eile i mbusanna agus i ngluaisteáin.*

*Bhí na daoine nach bhféadfadh taisteal in ann na searmanais éagsúla a leanúint ar ghléasanna raidió. Iad siúd a raibh gléasanna raidió acu, chuir siad callairí ar leaca a bhfuinneog. D'fhág sin go raibh lucht éisteachta i bhfad níos mó ná an teaghlach in ann na himeachtaí a leanúint.*

*Bhí na háitribh ghnó in Inis dúnta ar an Luan seo caite agus baineadh taitneamh as an lá mar lá saoire. Mar gheall air sin, bhí baill foirne a thaistil go Baile Átha Cliath in ann a bheith i láthair do dheireadh shearmanais na Comhdhála.*

1. Cé mhéad duine a thóg an traein speisialta go Baile Átha Cliath?
2. Cén ócáid a raibh siad ag freastal uirthi i mBaile Átha Cliath?
3. Conas a bhí na daoine nár thaistil in ann na searmanais éagsúla a leanúint?
4. Cén fáth a raibh áitribh ghnó in Inis dúnta ar an Luan?
5. Go hachomair, cén fáth ar ceapadh go raibh rath ar Chomhdháil Chorp Chríost?

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Pádraig Mac Piarais.
2. An Conradh agus an Cogadh Cathartha.
3. James Craig.
4. Forbairtí san oideachas, 1922-1949.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh héifeachtach agus a bhí W.T. Cosgrave mar cheannaire ar rialtas nua na hÉireann, 1923-1932?
2. Cad a bhain Éamon de Valera amach mar cheannaire rialtais, 1932-1948?
3. Cad iad na fadhbanna a bhí roimh mhuintir Bhéal Feirste le linn an Dara Cogadh Domhanda?
4. Céard iad na héachtaí cultúrtha a luafá leis an ealaíontóir Evie Hone?

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraítear sa sliocht coimrithe seo do chomharsanacht Éireannach i nGlaschú le linn ré Victoria, 1861. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Thíos i dtreo na habhann tá léaspach solais ó lampaí sráide, fuinneoga siopaí, doirse oscailte agus ó fhuinneoga ar stórtha uachtaracha na dtionóntán.*

*Tá an dá chosán plódaithe. Tá na sluaite ag brú chun tosaigh i lár na sráide, iad á mbrú i leataobh uaireanta ag carranna capaill, baraí éisc agus cairteacha asail luchtaithe le gual. Tá díoltóirí sráide i ngach áit agus iasc, oráistí, cáis, ciarsúir, gealasacha agus rásúir á ndíol acu.*

*Tá seanfhidléir dall ag casadh 'Ruairí Ó Mórdha' agus tá roinnt fonnadóirí bailéad ag canadh amhrán tírghrá Éireannach.*

Foinse: J. E. Handley, *The Irish in Modern Scotland* (Corcaigh: Preas Ollscoil Chorcaí, 1947).

1. Cad iad na foirgnimh a bhí suite in aice na habhann?
2. Cén fáth a raibh na sráideanna chomh gnóthach sin?
3. Conas a bhí an gual á sheachadadh?
4. Cén trí chineál bia a bhí ar díol ar an tsráid?
5. Go hachomair, cén fáth ar fhág an oiread sin daoine Éire le linn an naoú haois déag?

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Meon frith-Éireannach sa Bhreatain agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá sa naoú haois déag.
2. Na Molly Maguires.
3. Ról CLG i measc eisimirceach as Éirinn.
4. John Devoy.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar bunaíodh Grosse Isle agus ar bhain sé a chuspóir amach?
2. Cad iad na nithe a bhain an tArdeaspag Daniel Mannix agus/nó an tEaspag Edward Galvin amach?
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoi shaol agus faoi scríbhinní Dhomhnaill Mhic Amhlaigh?
4. Cad iad na bealaí inar éirigh le misean Ord an Spioraid Naoimh sa Nigéir (1945-1966) a chuspóirí a bhaint amach?

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Seo sliocht coimrithe as tuairisc ó Ambasadóir na Breataine, Peter Clutterbuck, ina scríobhann sé faoin Taoiseach Seán Lemass (1/9/1959). Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhí an tUasal Lemass, nuair a chonaic mé é le déanaí, lán d'fhuinneamh agus de smaointe. Chuir sé béim ar an ngá a bhí le brú aontaithe a dhéanamh chun forbairt gheilleagrach a mhéadú.*

*Ach maidir le gnéithe áirithe beidh air bogadh ar aghaidh go cúramach. Mar shampla, is eol go forleathan nach bhfuil sé báúil leis an bhfeachtas chun an Ghaeilge a athbheochan. Ach, toisc go bhfuil an tUasal de Valera* [mar Uachtarán] *ag faire air ó Pháirc an Fhionnuisce, ní féidir leis athrú gasta a dhéanamh ar an bpolasaí.*

*Bhí na tagairtí a rinne sé don chríochdheighilt measartha. Is cosúil go n-aithníonn sé gur ábhar é atá le socrú idir Éireannaigh iad féin.*

Foinse: Tom Garvin, *Judging Lemass* (Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 2009).

1. Cén rud ar chuir Lemass béim air?
2. De réir an Ambasadóra, cén rud nach raibh Lemass báúil leis?
3. Cén fáth nach bhféadfadh Lemass an polasaí a athrú go gasta?
4. De réir an Ambasadóra, cad a d'aithin Lemass maidir leis an gcríochdheighilt?
5. Go hachomair, cén t-éacht mór a rinne Seán Lemass mar Thaoiseach, dar leat?

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Athrú meoin i leith na Gaeilge, 1949-1989.
2. Ballraíocht na hÉireann sna Náisiúin Aontaithe.
3. Breandán Ó hEithir.
4. Sylvia Meehan.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a mhol T.K. Whitaker le haghaidh forbairt gheilleagrach in Éirinn?
2. Cén tionchar a bhí ag ballraíocht sa CEE ar iascach na hÉireann?
3. Cé chomh héifeachtach agus a bhí ceannasaíocht Jack Lynch agus/nó Garret FitzGerald?
4. Cad a bhain Charles Haughey amach le linn a dhá théarma mar Thaoiseach?

# ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

*An Eoraip agus an domhan mór Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraítear sa sliocht coimrithe seo do Pháras Haussmann. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhí an múchadh ar Haussmann agus bhí sé ar son an aeir úir agus spásanna glasa. Thírdhreachaigh sé an Bois de Boulogne agus leag sé amach páirceanna nua i bPáras. Chomh maith leis sin, cuireadh crainn ar feadh a chuid búlbhard* [sráideanna leathana] *díreach.*

*Tógadh uiscerian agus taiscumar ollmhór chun uisce glan a thabhairt go dtí an chathair. Mar gheall ar bhagairt an chalair, thug sé córas nua séarach don chathair. Cuireadh na séaraigh nua faoi thalamh agus bhí siad glan sciúrtha agus solas gáis iontu.*

Foinse: bunaithe ar léirmheas le John Carey (*The Sunday Times*, 8/7/2018).

1. Cad iad na nithe a raibh Haussmann ar a son?
2. Conas a d'athraigh Haussmann tírdhreach Pháras?
3. Conas a d'fheabhsaigh Haussmann soláthar uisce na cathrach?
4. Cad a rinne Haussmann chun cur in aghaidh bhagairt an chalair?
5. Cérbh é an rialtóir Francach a d'ordaigh atógáil Pháras?

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Clemens Metternich.
2. Victor Hugo.
3. Náisiúnachas na mBalcán.
4. Forbairtí sa cheol agus/nó san ealaín.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Robert Owen i gcás New Lanark agus cad iad na céimeanna a thug sé chun iad a bhaint amach?
2. Cad iad na fáthanna ar theip ar Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin ar deireadh?
3. Cad a chuir Feargus O'Connor agus/nó Robert Peel leis an tsochaí i Sasana?
4. Cad iad na réitigh ar fhadhbanna na sochaí a chuir Karl Marx agus/nó Mikhail Bakunin chun cinn?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo tagraítear do mhná san fhórsa oibre le linn an Chéad Chogadh Domhanda. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is mór an t-iontas an méid oibrithe ban atá fostaithe i Londain. Fostaíonn Banc Shasana os cionn 400 bean.*

*Bhí roinnt fuadair an lá cheana ar Shráid Gracechurch de bharr beirt chailíní a bheith ag glanadh fuinneoga siopaí agus brístí rabhlaeir á gcaitheamh acu. Fostaíonn na hiarnróid go léir iad agus tá siad gníomhach mar dhíoltóirí nuachtán, lucht snasaithe bróg, lucht lasta lampaí agus i siopaí bearbóirí.*

*Nuair a thiocfaidh "Tommy"* [an saighdiúir Briotanach] *abhaile, beidh sé ag dul i mbun gnóthaí tí fad a bheidh a bhean chéile ag saothrú pá.*

Foinse: Terry Charman, *The First World War on the Home Front* (Londain: Andre Deutsch, 2014).

1. Cé a bhí fostaithe ag Banc Shasana?
2. Cad a bhí á chaitheamh ag na cailíní i Sráid Gracechurch?
3. Cad iad na réimsí oibre ina raibh cailíní/mná ag obair?
4. Cén t-athrú a d'fheicfeadh "Tommy", an saighdiúir Briotanach, ar fhilleadh dó ón gcogadh?
5. Seachas an obair atá luaite sa sliocht, conas a chuidigh mná le hiarracht an chogaidh?

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. An Dara hIdirnáisiúntas.
2. Frith-Sheimíteachas sa Rúis.
3. Marie Curie.
4. Rosa Luxemburg.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh héifeachtach agus a bhí polasaí eachtrach Bismarck, 1871-1890?
2. Cad a d'fhoghlaim tú faoi airgeadh agus faoi luathstair an ghluaisteáin?
3. Cén tábhacht a bhain le polasaí cabhlaigh Wilhelm II na Gearmáine?
4. Cad iad na bealaí a raibh tionchar ag Woodrow Wilson ar ghnóthaí na hEorpa?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo déanann an staraí agus an taidhleoir Daniel A. Binchy cur síos ar an mbealach a ndeachaigh Adolf Hitler i bhfeidhm air den chéad uair. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Chonaic mé Hitler den chéad uair tráthnóna modartha i mí na Samhna in 1921 ag cruinniú in München. D'éirigh sé le labhairt agus taobh istigh de chúpla nóiméad, bhí dearmad glan déanta agam ar an gcuma neamhthábhachtach a bhí air.*

*B'óráidí nádúrtha ó dhúchas é. De réir mar a d'éirigh sé níos corraithe, d'ardaigh a ghuth go dtí go raibh sé ag screadach, beagnach. Bhí na frásaí céanna á n-athrá le linn a óráide: na fealltóirí Marxacha, arm na Gearmáine a sádh sa droim, agus – thar aon ní eile – na Giúdaigh.*

Foinse: Daniel A. Binchy, "Adolf Hitler" in *Studies: An Irish Quarterly Review,* Vol. 22, No. 85, Márta 1933.

1. Cathain agus cén áit a bhfaca an scríbhneoir Hitler den chéad uair?
2. Conas a chuaigh Hitler i bhfeidhm ar an scríbhneoir den chéad uair?
3. Cad a tharla nuair a d'éirigh Hitler níos corraithe?
4. De réir Hitler, cad a tharla d'arm na Gearmáine?
5. Go hachomair, cén aidhm a bhí le Slógaí Nuremberg sna 1930idí?

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Leni Riefenstahl.
2. Winston Churchill.
3. Frith-Sheimíteachas agus an tUileloscadh.
4. Comhaontais le linn an chogaidh, 1939-1945.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a stiúir Benito Mussolini an caidreamh idir an eaglais agus an stát san Iodáil?
2. Cad a d'fhoghlaim tú faoin Rúis Shóivéadach ó sheóthrialacha Stalin sna 1930idí?
3. Conas a bhí Máirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936, ina thoradh ar fhadhbanna eacnamaíochta agus sóisialta sa Bhreatain agus ar bhain sí a haidhmeanna amach?
4. Conas a léirigh Charlie Chaplin agus/nó Bing Crosby an cultúr pobail Angla-Mheiriceánach, 1920-1945?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraítear sa sliocht coimrithe seo do Ghéarchéim na hOla, 1973. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*I ndiaidh an chogaidh idir na hArabaigh agus Iosrael i nDeireadh Fómhair 1973, ghearr na Stáit Arabacha, a bhí ag táirgeadh ola, smachtbhannaí dochta ola ar thíortha an Iarthair.*

*Mar thoradh ar ardú tobann agus géar ar phraghas na hola, tharla boilsciú iontach ard. Chuir sé seo le spealadh eacnamaíoch. Bhí tionchar láithreach ag costas ard an iompair ar chostas earraí a bhí á n-iompar, bia ina measc.*

*I measc na bhfrithbheart a moladh bhí caomhnú an bhreosla a bhí ann cheana féin agus forbairt a dhéanamh ar fhoinsí malartacha fuinnimh.*

Foinse: bunaithe ar ábhar in Martin Gilbert, *Challenge to Civilization: a history of the 20th century, 1952-1999* (Nua-Eabhrac: Harper Collins, 1999).

1. Cathain a tharla an cogadh idir na hArabaigh agus Iosrael?
2. Cad a ghearr na stáit Arabacha ar thíortha an Iarthair?
3. Conas a cuireadh isteach ar phraghas an bhia?
4. Cad ab ea ceann amháin de na frithbhearta a moladh?
5. Go hachomair, conas a chuir Géarchéim na hOla, 1973, isteach ar ghluaisteánaithe?

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cúnamh Marshall.
2 An Stát Leasa.
3. Bunú CEE.
4. John Lennon.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar tharla Éirí Amach na hUngáire, 1956, agus cad iad na torthaí a bhí air?
2. Cad iad na hathruithe san Eaglais Chaitliceach a thug an Dara Comhairle Vatacánach isteach?
3. Cad iad na nithe a d’éirigh le Mikhail Gorbachev a bhaint amach mar cheannaire ar an Rúis Shóivéadach agus cad iad na teipeanna a bhí aige?
4. Cén tionchar a bhí ag an dul chun cinn a rinneadh sna heolaíochtaí bitheacha agus/nó sa chumhacht núicléach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo tráchtann an scríbhneoir Nigéarach Chinua Achebe, (1930-2013), ar fhorbairtí sa Chongó. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*In 1960, bhris cogadh cathartha fuilteach amach sa Chongó go gairid i ndiaidh don Bheilg, a choilíneoir, bailiú leo go gasta as an limistéar sin. Taobh istigh de roinnt míonna, dhúnmharaigh siad siúd a bhí in iomaíocht leis an bPríomh-Aire, Patrice Lumumba, go brúidiúil é agus chuir siad deachtóir éillitheach, darbh ainm Mobutu, ina áit.*

*Thug Mobutu faoi shaibhreas a thíre móire a chreachadh - ghoid sé agus chuir sé na billiúin i dtaisce i mbainc iasachta. Chomh maith leis sin, tharraing sé achrann i dtíortha a bhí in aice leis an gCongó. Chuidigh sé le díchobhsú Angóla agus chomhoibrigh sé go hoscailte le réimeas cinedheighilte an mhionlaigh ghil san Afraic Theas.*

Foinse: Chinua Achebe, *Africa's Tarnished Name* (Londain: Penguin Books, 2018).

1. Cén tír Eorpach a bhfuair an Congó a neamhspleáchas uaithi?
2. Cé a dúnmharaíodh agus cé a dhúnmharaigh é?
3. Conas a rinne Mobutu a thír a chreachadh?
4. Cén tionchar a bhí ag Mobutu ar Angóla?
5. Go hachomair, cén fáth ar scar Katanga ón gCongó, 1960-1965?

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Patrúin agus polasaithe na hinimirce sa Bhreatain, 1945-1990.
2. Géarchéim Suez, 1956.
3. "Meon an athraithe" san Afraic.
4. Achmad Sukarno.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na deacrachtaí a bhain le haistarraingt na Breataine as an India, 1945-1947?
2. Conas a d'fhreagair Charles de Gaulle don éileamh ar neamhspleáchas na hAilgéire?
3. Cén fáth ar tháinig fadhbanna chun cinn maidir le caidreamh idir ciníocha sa Fhrainc sna 1980idí agus conas a d'fhreagair rialtais na Fraince dóibh?
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoi shaol agus faoi scríbhinní Nadine Gordimer agus/nó faoin mBéarla mar theanga dhomhanda?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo tagraítear do Ghéarchéim na nDiúracán i gCúba tráth arbh éigin do na Stáit Aontaithe aghaidh a thabhairt ar bhagairt núicléach ón Rúis Shóivéadach. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ba é an Teach Bán a bheadh mar phríomhsprioc ag ionsaí diúracán na Sóivéide.*

*Ba é an t-aon mhisean a bhí ag scothaonad héileacaptair ná tuirlingt ar fhaiche an Tí Bháin, dá mbeadh an chosúlacht air go mbeadh ionsaí núicléach ann, agus an tUachtarán agus na cúntóirí ba ghaire dó a ardú leo chuig buncar faoi thalamh in West Virginia.*

*Dá mba rud é go raibh ionsaí tar éis tarlú cheana féin, bhrisfeadh na criúnna héileacaptair isteach i bhfoscadán buama an Tí Bháin, d'fháiscfidís culaith radaíochta ar an Uachtarán agus d'ardóidís leo ar an héileacaptar é.*

Foinse: Michael Dobbs, *One Minute to Midnight: Kennedy, Khrushchev and Castro on the Brink of Nuclear War* (Londain: Arrow Books, 2009).

1. Cén phríomhsprioc a bheadh ag ionsaí diúracán?
2. Dá mba chosúil go mbeadh ionsaí núicléach ann, cá dtuirlingeodh héileacaptar?
3. Cá dtabharfaí an tUachtarán ionas go mbeadh sé sábháilte?
4. Cá mbeadh an tUachtarán dá mbeadh ionsaí núicléach tar éis tarlú cheana féin?
5. Go hachomair, cén toradh a bhí ar Ghéarchéim na nDiúracán i gCúba?

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. An fairsingiú ar gheilleagar na Stát Aontaithe, 1945-1968.
2. Bochtaineacht uirbeach, drugaí agus coireacht.
3. Betty Friedan.
4. Norman Mailer.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén dul chun cinn a rinneadh i dteicneolaíocht mhíleata agus/nó i dteicneolaíocht an spáis, 1945-1989?
2. Cén fáth ar tharla baghcat bus Montgomery (1955-1956) agus ar bhain sé a aidhmeanna amach?
3. Cad iad na deacrachtaí a bhí ag an Uachtarán Lyndon Johnson mar thoradh ar an bpáirt a ghlac na Stáit Aontaithe sa chogadh i Vítneam?
4. Cad a chuir Billy Graham le cúrsaí creidimh sna Stáit Aontaithe?

**An Ardteistiméireacht, 2023**

Freagair na ceisteanna thíos má tá tú ag leanúint na **Treoracha malartacha le haghaidh 2023 amháin** atá ar chlúdach tosaigh an scrúdpháipéir seo.

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tuairiscítear sa sliocht coimrithe seo as *The Irish Times*, 13/08/1969, ar chorraíl i dTuaisceart Éireann. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhain na póilíní úsáid as deoirghás i nDoire aréir chun smacht a chur ar chíréib a bhris amach mar gheall ar pharáid bhliantúil na bPrintíseach. Rinne fórsa de 1,000 póilín ruathar agus frithruathar ar ógánaigh Chaitliceacha a bhí ag caitheamh cloch agus buamaí peitril leo.*

*Sa Srath Bán, caitheadh clocha le stáisiún póilíní agus cuireadh carr trí thine. In Oileán an Ghuail, caitheadh buamaí peitril agus rinne na póilíní ruathar le smachtíní ar an slua. San Iúr, bhris slua Caitliceach fuinneoga ar bhus a bhí ag iompar Printíseach.*

1. Cén t-imeacht bliantúil a luaitear?
2. Cé mhéad póilín a bhí gníomhach i nDoire?
3. Cad a tharla sa Srath Bán?
4. Cén beart a rinne na póilíní in Oileán an Ghuail?
5. Go hachomair, cén fáth ar measadh gníomhaíochtaí na bPrintíseach i nDoire a bheith conspóideach?

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

.

Ard Teistiméireacht - Gnáthleibhéal

# Stair

Dé Céadaoin 14 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 - 4:50